



Coimisiún
na Meán

Oifigeach Acmhainní Daonna

Grád Oifigigh Cléireachais

Foireann Daoine & Forbartha Eagrúcháin

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Meán Fómhair 2026

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Oifigigh Acmhainní Daonna.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an ar fud an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: eamálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá an-áthas orainn a bheith ag earcú d'Oifigigh Acmhainní Daonna. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuideofar lenár spriocanna a chinntiú, i dtaobh thírdhreach na meán, go ndéanfar:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Cléireachais Acmhainní Daonna (AD) maidir le tacaíocht a thabhairt don fhoireann Daoine agus Forbartha Eagrúcháin trí chúnamh riaracháin agus oibríochtúil ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud na feidhme Oibríochtaí Daoine. Tacóidh an ról le taifid fostaithe agus córais acmhainní daonna a chothabháil go cruinn, le hionduchtú agus ionduchtú foirne, leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), agus le ceisteanna ginearálta foirne a láimhseáil go tráthúil. Cuideoidh an t-iarrthóir rathúil freisin le gníomhaíochtaí a bhaineann le párolla, riarachán sláinte ceirde, tuairisciú, rianú caiteachais agus próisis AD laethúla eile. Agus iad ag obair le cruinneas, discríd agus gairmiúlacht, cuideoidh siad le seirbhís acmhainní daonna atá éifeachtúil, freagrúil agus rúnda a sholáthar ar fud na heagraíochta.

Maidir leis an bhFoireann/Rannán

Oibreoidh an sealbhóir poist laistigh den fhoireann Daoine agus Forbartha Eagrúcháin, ag cinntiú cur chuige comhoibríoch agus comhordaithe chun tacú leis an bhfoireann agus leis an eagraíocht níos leithne. Cuidíonn an ról freisin le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach trí sheirbhís daoine atá éifeachtach, comhlíontach agus réamhbhreathnaitheach a chumasú.

Tagann an fhoireann Daoine & Forbairt Eagraíochtúil laistigh de Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Choimisiún na Meán mar aon leis na réimsí Rialachais, Airgeadais & Soláthair, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Rúnaíocht an Choimisiúin.

Príomhfhreagrachtaí

- Tacú le taifid fostaithe a nuashonrú sa Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS), ag cinntiú go bhfuil na sonraí go léir cruinn, cothrom le dáta agus go láimhseáiltear iad le rúndacht dhocht.
- Tacú leis an bpróiseas ionduchtaithe.
- Tacú le reáchtáil éifeachtach phróiseas PMDS na heagraíochta.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí (ar lean)

- Freagra a thabhairt ar cheisteanna ón bhfoireann a fuarthas tríd an mbosca ríomhphoist ginearálta.
- Tacaíocht a sholáthar thar raon próiseas Oibríochtaí Daoine, lena n-áirítear réamhghníomhaíochtaí párolla, riarachán sláinte ceirde, tuairisciú agus rianú caiteachais.
- Tacaíocht riaracháin ghinearálta don fheidhm Oibríochtaí Daoine.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Taithí roimhe seo i ról cléireachais nó riaracháin.
- Sárscileanna idirphearsanta, leis an gcumas oibriú go héifeachtach agus go comhoibríoch ar fud na bhfoirne.
- Scileanna cumarsáide soiléire gairmiúla scríofa agus briathartha.
- Aird láidir ar mhionsonraí agus tiomantas comhsheasmhach do chruinneas.
- Inniúlacht i bhfeidhmchláir Microsoft Office.
- Toilteanas scileanna, eolas agus saineolas ábhartha a fhoghlaim agus a fhorbairt.

Critéir Inmhianaithe

- Taithí roimhe seo i riarachán AD.
- Tuiscint ar struchtúir, nósanna imeachta agus próisis na hearnála poiblí.



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 22 lá sa bhliain
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ag an [scála](#) Oifigh Cléireachais
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarthóirí Incháilithe a bheith:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

(c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil stampa 4 cead* nó cead stampa 5 acu.

*Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stamp 4EUFAM tar éis Breatimeacht, inghlactha mar choibhéis Stampa 4

Chun cáiliú ní mór d'iarthóirí ceann de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh tráth an iarratais..



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírithe ar
dhaoine



Ionracas

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (uas 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uas 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí** [ANSEO](#)
- Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Obair Foirne

Bainistíocht / Próiseáil Eolais

Torthaí a Sheachadadh

Scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Díríthe ar
dhaoine



Ionracas

Fógra Príobháideachais

Próiseálann Coimisiún na Meán (An Coimisiún, CnaM, sinne, ár) na sonraí pearsanta a eascraíonn as a fheachtas earcaíochta. Is é CnaM an Rialaitheoir Sonraí, agus is é CPL an Próiseálaí Sonraí a cheapann CnaM chun an próiseas earcaíochta a stiúradh. Is iad sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí - Oifigeach Cosanta Sonraí, Coimisiún na Meán 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

Ríomhphost: dpo@cnam.ie **Uimhir Teileafóin:** 01 963 7755

Déanfaidh CnaM na sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil chun críche athbhreithniú, breithniú agus roghnú na n-iarratas agus chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí. Féadfaidh ionadaithe CnaM a bheith ar fhaighteoirí tríú páirtí. Ní aistríonn CnaM sonraí pearsanta lasmuigh den AE ná den LEE.

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhonn dlíthiúil CNAM chun na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

- Conradh - i gcás inar gá an phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí sula ndéantar conradh

agus/nó

- Toiliú - sa chás go bhfuil toiliú sainráite tugtha agat don phróiseáil (m.sh. socruithe réasúnta)

Stórálfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go slán. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 12 mhí ar a mhéad i gcás nach n-éireoidh le hiarratas.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon mhíchruinneas ina gcuid sonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh, scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh atá liostaithe thuas. Tá sé de cheart ag iarratasóirí, i gcás inarb iomchuí, a gcuid sonraí a scriosadh agus/nó srian a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá ár Ráiteas Cosanta Sonraí iomlán ar fáil anseo: <https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais>

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 06 Deireadh Fómhair 2026, 3:00in

